Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**6605/26**

**SOC 94**
**EMPL 38**
**ECOFIN 236**
**EDUC 54**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026<br>– *Formheas* |

1. D'ullmhaigh an uachtaránacht na dréachtchonclúidí ón gComhairle atá i gceangal leis seo maidir leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026.

2. Cuireadh na dréachtchonclúidí sin i láthair ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Cheisteanna Sóisialta an 19 Feabhra 2026. Ag an gcruinniú sin, thángthas ar chomhaontú i bprionsabal maidir leis an téacs mar a thíolaic an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta é.

3. Dá bhrí sin, iarrtar ar an gCoiste na dréachtchonclúidí atá i gceangal leis seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO) lena bhformheas ag an gcruinniú a bheidh aici an 9 Márta 2026.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026**

1. ÓS DÍOL SÁSAIMH DI, in ainneoin éiginnteachtaí méadaithe eacnamaíocha agus geopholaitiúla, gur lean margadh saothair an Aontais d'athléimneacht shuntasach a léiriú in 2024, agus gur mhéadaigh an ráta fostaíochta go 75.8 % (méadú 0.5 pointe céatadáin ó 2023)[1] agus gur thit an ráta dífhostaíochta go 5.9 %, an leibhéal is ísle riamh (laghdú 0.2 pointe céatadáin ó 2023).[2] ÓS DÍOL SÁSAIMH DI gur lean an fhostaíocht de bheith ag fás sa chéad leath de 2025, agus gur shroich an ráta fostaíochta 76.2 %, an leibhéal is airde riamh, agus gur tháinig laghdú breise go 10.0 pointe céatadáin ar an mbearna fostaíochta idir na hinscní in 2024. AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI go bhfuil an fás ar an bhfostaíocht á spreagadh den chuid is mó ag rannpháirtíocht níos airde sa lucht saothair, agus gur san earnáil phoiblí agus i seirbhísí is mó atá poist á gcruthú. AGUS É Á MHEABHRÚ AICI gur gá tuilleadh feabhais a chur ar thorthaí na ngrúpaí faoi ghannionadaíocht i margadh an tsaothair. AGUS É Á AITHINT AICI nár tháinig laghdú comhréireach ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta sna Ballstáit uile mar thoradh ar fheabhsuithe ar mhargadh an tsaothair.

2. AGUS É Á MHEABHRÚ AICI, in ainneoin leathnú leanúnach a bheith ag teacht ar an bhfostaíocht, go bhfuil an fás ar tháirgiúlacht saothair marbhánta – ag 0.1 % in aghaidh na bliana i gcaitheamh na mblianta ó 2021 go 2024 – dúshlán suntasach d'iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus rud a chuireann isteach ar acmhainneacht fáis eacnamaíoch, ar chruthú post, ar fhorbairtí pá agus ar chaighdeáin mhaireachtála. AGUS É Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR AICI ar an ngá le cumas nuálaíochta an Aontais a neartú chun feidhmíocht eacnamaíoch an Aontais a threisiú, lena n-áirítear, *inter alia*, trí phoist dea-cháilíochta a chothú agus trí chaipiteal daonna na hEorpa a fheabhsú, i gcomhréir le riachtanais athraitheacha mhargadh an tsaothair i réimsí lena ngabhann tábhacht straitéiseach don Aontas agus in earnálacha ard-bhreisluacha[3].

---

[1] 80.8 % i gcás na bhfear (méadú 0.4 pointe céatadáin ó 2023) agus 70.8 % i gcás na mban (méadú 0.6 phointe céatadáin ó 2023).

[2] 5.7 % i gcás na bhfear (laghdú 0.1 pointe céatadáin ó 2023) agus 6.2 % i gcás na mban (laghdú 0.2 phointe céatadáin ó 2023).

[3] Tuairim ón gCoiste Fostaíochta maidir leis na gnéithe a bhaineann le cáilíocht poist, 9417/25.

3. AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI, tar éis laghdú in 2022 agus 2023, gur tháinig méadú 2.7 % ar fhíorphá ar fud an Aontais in 2024 de dhroim maolú ar bhoilsciú, cé go raibh sé fós faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh COVID-19 i roinnt Ballstát. AGUS É Á MHEABHRÚ AICI, d'fhonn dea-thorthaí mhargadh an tsaothair a chur chun cinn agus dálaí maithe oibre a chothú, ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta chomh maith lena thábhachtaí atá sé idirphlé sóisialta láidir agus cómhargáil éifeachtach a áirithiú, i gcomhréir le dlíthe agus/nó cleachtais náisiúnta. AGUS É Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR AICI a bhunriachtanaí atá sé fostaíocht na mban a neartú, agus ar an gcaoi sin a neamhspleáchas eacnamaíoch a neartú freisin, chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair in earnálacha ard-bhreisluacha agus chun athléimneacht fhadtéarmach gheilleagar an Aontais a áirithiú.

4. AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI AGUS IMNÍ DÁ RÉIR UIRTHI gur thuairiscigh 53.7 % de na fostaithe sealadacha uile san Aontas go raibh obair shealadach ar siúl go neamhdheonach acu in 2024, agus in ainneoin feabhsuithe beaga, go bhfuil conarthaí sealadacha fós (i.) beagnach a thrí oiread níos coitianta i measc daoine óga; (ii.) go bhfuil siad níos forleithne i measc na mban ná i measc na bhfear; agus (iii.) go ngabhann rátaí ísle aistrithe chuig conarthaí buana leo i roinnt Ballstát, agus go bhfuil dúshláin leanúnacha ann maidir lena áirithiú go bhfeidhmeoidh socruithe den sórt sin go héifeachtach mar chéimeanna chun fostaíocht chobhsaí a bhaint amach. AGUS É Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR AICI go bhfuil 13.3 % d'oibrithe sealadacha i mbaol bochtaineachta in 2024[4], i gcomparáid le 5.1 % d'fhostaithe a bhfuil post buan acu, agus gur i measc oibrithe i gcineálacha neamhchaighdeánacha oibre is mó atá bochtaineacht lucht oibre, agus go mbíonn a ngairmré briste suas go minic, agus go mbíonn déine na hoibre níos ísle agus an tuilleamh bliantúil acu níos ísle dá réir. AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar a thábhachtaí atá tuilleamh leordhóthanach i bhfianaise sciar ard de na hoibrithe a bheith fós i mbaol bochtaineachta.

[4] Is é 60 % den ioncam indiúscartha coibhéisithe airmheánach tar éis aistrithe sóisialta an tairseach riosca don bhochtaineacht (Eurostat).

5. AGUS torthaí PISA 2022[5] agus ICILS 2023[6] Á MEABHRÚ AICI AGUS IMNÍ DÁ RÉIR UIRTHI, ina léirítear laghdú géar ar bhunscileanna i measc mac léinn ar fud an Aontais (le méadú suntasach ar thearcghnóthachtáil in éineacht le laghdú suntasach ar sciar na scoláirí is fearr feidhmíocht), an bhearna shuntasach leanúnach atá nasctha le cúlra socheacnamaíoch (gan ach 16.3 % de mhic léinn faoi mhíbhuntáiste ag feidhmiú go maith i mbunscileanna, i gcomparáid le 59.0 % dá bpiaraí a bhfuil buntáiste níos mó acu), chomh maith leis na leibhéil ísle litearthachta digití (agus 43 % de mhic léinn nach bhfuil bunscileanna digiteacha acu). AGUS É Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR AICI gur bacainn mhór ar an tsoghluaisteacht shóisialta agus ar fhás na táirgiúlachta ar an leibhéal maicreacnamaíoch í an easpa máistreachta ar bhunscileanna agus ar scileanna digiteacha. AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI go bhfuil sé bunriachtanach freisin feabhas a chur ar cháilíocht an chaipitil dhaonna san Aontas chun dúshláin dhéimeagrafacha a mhaolú.

[5] ECFE (2023), PISA 2022 Results (Volume I):The State of Learning and Equity in Education, Foilsitheoireacht ECFE, Páras.

[6] Fraillon, J. (2025), ICILS 2023 International Report: An International Perspective on Digital Literacy. An Comhlachas Idirnáisiúnta um Meastóireacht ar Ghnóthachtáil Oideachais (IEA).

6. ÓS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna ag dul i laghad go fadtéarmach le 10 mbliana anuas[7], agus gur tháinig méadú suntasach ar ghnóthachtáil oideachais threasaigh.[8] AGUS É Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR AICI, áfach, nach n-éiríonn go maith le thart ar dhuine as gach cúigear de dhaoine fásta san Aontas sa litearthacht ná san uimhearthacht, de réir shonraí 2023 ECFE.[9] AGUS É Á MHEABHRÚ AICI, sa chomhthéacs sin, go bhfuil an fás ar riachtanais mhargadh an tsaothair in earnálacha straitéiseacha fós níos tapúla ná an soláthar oibrithe atá oilte go cuí, rud a fhágann go bhfuil ganntanas leanúnach san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic (ETIM) agus i ndisciplíní gaolmhara. Á THABHAIRT DÁ hAIRE DI sa chomhthéacs sin, an moladh ón gCoimisiún le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach a áirítear i bPacáiste an Fhómhair 2026 – ionstraim nua de chuid an tSeimeastair Eorpaigh atá ceaptha chun na Treoirlínte le haghaidh Bheartais Fostaíochta na mBallstát a chomhlánú, go háirithe trí ghné an chaipitil dhaonna de na beartais fostaíochta sin a mheas.

---

7 Ó 11.0 % go 9.4 % idir 2015 agus 2024. I gcás na bhfear, tháinig laghdú ar luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna ó 12.5 % go 11.0 %, agus i gcás na mban tháinig laghdú air ó 9.4 % go 7.7 %.

8 Ó 36.5 % go 43.1 % idir 2015 agus 2023. I gcás na bhfear, tháinig méadú ar ghnóthachtáil oideachais threasaigh ó 31.2 % go 37.5 %, agus i gcás na mban tháinig méadú uirthi ó 41.8 % go 48.8 %.

9 ECFE (2023), Do Adults Have the Skills They Need to Thrive in a Changing World?: Survey of Adult Skills 2023, Staidéar de chuid ECFE maidir le scileanna, Foilsitheoireacht ECFE, Páras.

7. AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI AGUS IMNÍ DÁ RÉIR UIRTHI go bhfuil rochtain ar chosaint shóisialta leordhóthanach fós míchothrom ag brath ar stádais fostaíochta agus cineálacha conartha, agus go bhfuil bearnaí móra cumhdaigh ag oibrithe neamhchaighdeánacha agus ag roinnt daoine féinfhostaithe, rud a fhágann go bhfuil rioscaí sóisialta níos airde ina measc agus cáilíocht na bpost sin níos teoranta. AGUS É Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR AICI gur tháinig meath ar thionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta don tríú bliain as a chéile in 2024, agus go mbeidh gá le tuilleadh iarrachtaí, lena n-áirítear iarrachtaí ar dhul i ngleic le bearnaí i scéimeanna ioncaim íosta[10], ar minic nach leor iad chun daoine a thabhairt slán as an mbochtaineacht, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach. AGUS É Á ATHDHEARBHÚ AICI, go háirithe, go bhfuil sé bunriachtanach dul i ngleic le bochtaineacht agus eisiamh sóisialta leanaí chun timthriall an mhíbhuntáiste idirghlúine a bhriseadh agus chun a chur ar chumas gach linbh a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach sa tsochaí i gcomhréir leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí. AGUS É Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR AICI go leanfaidh treochtaí déimeagrafacha de bhrú a chur ar ár ngeilleagair, ar ár margaí saothair, ar leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht ár gcóras cosanta sóisialta, lena n-áirítear pinsin, agus ar chórais sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh. AGUS É Á CHUR CHUN SUNTAIS AICI go gcuidíonn méadú ar rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair lena mbaol bochtaineachta seanaoise a laghdú, chomh maith le hinbhuanaitheacht na gcóras pinsin agus cosanta sóisialta a áirithiú. AGUS É Á AITHINT AICI gur féidir le beartais dhea-cheaptha maidir le cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta rannchuidiú freisin le ceangal mhargadh an tsaothair agus le fás táirgiúlachta.

---

[10] Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste um Chosaint Shóisialta ar chur chun feidhme an mholta ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach ar fud Bhallstáit an Aontais,14905/25.

8. AGUS É Á ATHDHEARBHÚ AICI gur dúshlán práinneach fós í an inacmhainneacht tithíochta san Aontas, ós rud é go bhfuil praghsanna tithe san Aontas tar éis fás ar an meán le 10 mbliana anuas, thart ar 10 % níos tapúla ná ioncaim.[11] AGUS É Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR AICI, sa chomhthéacs sin, go raibh 8.2 % de dhaonra an Aontais ina gcónaí i dteaghlaigh a chaith níos mó ná 40 % dá n-ioncam indiúscartha ar thithíocht in 2024 (bhí an ráta ag 31.1 % i measc daoine atá i mbaol bochtaineachta i gcomparáid le 3.8 % don chuid eile den daonra). AGUS É Á CHUR CHUN SUNTAIS AICI gur féidir leis an tithíocht shóisialta agus an tacaíocht a thugtar don rochtain ar úinéireacht tí araon a bheith ríthábhachtach ó thaobh feabhas a chur ar an rochtain ar thithíocht leormhaith agus inacmhainne, ach tá soláthar na tithíochta sin srianta i gcónaí mar gheall ar chostais tógála, talún agus maoinithe atá ag dul i méid, i measc nithe eile. AGUS É Á MHEABHRÚ AICI, cé go bhfuil dúshláin agus deiseanna coiteanna ann chomh maith le reachtaíocht an Aontais a bhaineann le gnéithe áirithe den tithíocht, gur inniúlacht de chuid na mBallstát i gcónaí é an beartas tithíochta. AGUS É Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR AICI go bhfuil méadú ag teacht ar an easpa dídine — atá ar cheann de na cineálacha is déine eisiaimh shóisialta — i roinnt Ballstát ar a bhfuil aghaidh le tabhairt trí réitigh atá bunaithe ar thithíocht (lena n-áirítear an cur chuige 'Tús Áite don Tithíocht'), mar aon le cineálacha cur chuige comhtháite chun an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac.[12] AGUS É Á TABHAIRT DÁ hAIRE AICI go gcuireann praghsanna fuinnimh atá fós ard le bochtaineacht fuinnimh agus gur sciar mór de na costais mhaireachtála iad, rud a mbíonn tionchar aige ar chaighdeáin mhaireachtála teaghlach, agus ar iomaíochas.

---

[11] Cousin G., Frayne C., Dias Martins V. agus B. Vasicek (2025), Housing in the European Union:Market Developments, Underlying Drivers, and Policies [Tithíocht san Aontas Eorpach: Forbairtí Margaidh, Spreagthaí Foluiteacha, agus Beartais], Páipéar Plé 228 maidir le Geilleagar na hEorpa/mí Dheireadh Fómhair 2025.

[12] Níl aon sainmhíniú ná tomhas comhchuibhithe aonair uile-Aontais ar an easpa dídine, ós rud é go bhfuil éagsúlacht mhór idir infhaighteacht agus cáilíocht sonraí ar fud na mBallstát mar gheall ar dhifríochtaí idir sainmhínithe agus modhanna bailithe sonraí.

9. AGUS É Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR AICI, i bhfianaise an chomhthéacs shocheacnamaíoch thuasluaite, gur ghá cóineasú eacnamaíoch agus sóisialta aníos a chothú trí phríomhspriocanna agus spriocanna náisiúnta 2030 an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a chur chun cinn, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh ag an am céanna:

– Tá an tAontas ar an mbóthar ceart chun ráta fostaíochta 78 % a bhaint amach in 2030 (75.8 % in 2024), agus tá a spriocanna náisiúnta bainte amach ag 7 mBallstát cheana féin;

– I ndáil leis an sprioc scileanna a bhaint amach go mbeidh 60 % ar a laghad de na daoine fásta uile rannpháirteach in oiliúint gach bliain faoi 2030 san Aontas (39.5 % in 2022), is gá fós tabhairt faoi iarrachtaí suntasacha, go háirithe ós rud é go bhfuil formhór na mBallstát fós chun deiridh agus a spriocanna náisiúnta á saothrú acu;

– Ní mór tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun sprioc an Aontais maidir le laghdú bochtaineachta a bhaint amach, is é sin laghdú 15 mhilliún ar a laghad a dhéanamh ar líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta faoi 2030 (lena n-áirítear 5 mhilliún leanbh ar a laghad). Ní leor luas an laghdaithe atá ann faoi láthair — thart ar 2.9 milliún idir 2019 agus 2024 — chun sprioc an Aontais a bhaint amach, agus tá difríochtaí móra i measc na mBallstát maidir lena spriocanna náisiúnta a shaothrú, agus méadú tagtha ar líon na ndaoine atá i mbaol in 2024 ná mar a bhí in 2019 in 11 Bhallstát, agus dúshláin leanúnacha ann a bhaineann le gach gné den bhochtaineacht agus den eisiamh sóisialta.

10. AGUS É Á AITHINT AICI torthaí na hanailíse céadchéime a rinne an Coimisiún i gcomhréir le prionsabail an Chreata maidir le Cóineasú Sóisialta, i gcomhréir le cuspóirí Airteagal 3(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2024/1263, ina léirítear go háirithe an méid seo a leanas:

(i) treochtaí leanúnacha cóineasaithe aníos i bhfeidhmíocht mhargadh an tsaothair;

(ii) rioscaí leanúnacha don chóineasú sóisialta aníos i bhforbairt scileanna; agus

(iii) níl aon chomharthaí ann go bhfuil cóineasú sóisialta aníos ann maidir leis an ráta baoil bochtaineachta nó an ráta eisiaimh shóisialta, an neamhionannas ioncaim agus an t-ollioncam indiúscartha réadach *per capita*.

AGUS É Á TABHAIRT DÁ hAIRE AICI go bhfoilseoidh an Coimisiún, in 2026, anailís dara céim mhionsonraithe le haghaidh 9 mBallstát ar sainaithníodh ina leith rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann don chóineasú sóisialta aníos.

11. AGUS É Á ATHDHEARBHÚ AICI a thábhachtaí atá sé ceapadh beartas fianaisebhunaithe a neartú chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar éifeachtaí na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí i réimsí bheartais mhargadh an tsaothair, na mbeartas scileanna agus na mbeartas sóisialta ar an bhfás eacnamaíoch agus ar an táirgiúlacht, mar aon le cuspóirí sóisialta a shaothrú amhail rannpháirtíocht i margadh an tsaothair agus laghdú na bochtaineachta.

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS, agus aird chuí á tabhairt aici ar inniúlachtaí faoi seach agus ar phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta:

12. IARRANN SÍ ar na Ballstáit, i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, dlús a chur leis na hiarrachtaí chun beartais scileanna agus beartais mhargadh an tsaothair a neartú lena gcothaítear cáilíocht na bpost, lena dtacaítear leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear uas-sciliú agus athsciliú daoine fásta chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais, lena méadaítear rannpháirtíocht i margadh an tsaothair go háirithe i measc grúpaí faoi ghannionadaíocht agus, mar réiteach comhlántach, lena ndéantar tallann idirnáisiúnta a mhealladh trí imirce dhleathach bhainistithe. IARRANN SÍ ar na Ballstáit, sa chomhthéacs sin, feabhas a chur ar fhaisnéis scileanna agus ar uirlisí réamhaisnéise agus iad a chomhtháthú ar bhealach níos fearr i gceapadh agus i gcur chun feidhme beartais, agus úsáid á baint freisin as tionscnaimh de chuid an Aontais amhail an Fhaireachlann Eorpach um Scileanna, aistrithe ardcháilíochta ó phost go post a éascú, agus seirbhísí fostaíochta agus sóisialta a chomhtháthú ar bhealach níos fearr.

13. IARRANN SÍ ar na Ballstáit dlús a chur le nuachóiriú na gcóras cosanta sóisialta agus cuimsithe shóisialta, lena n-áiritheofar go gcuirfear in oiriúint iad do chineálacha nua oibre agus do riachtanais atá ag teacht chun cinn, chun rochtain ar chosaint shóisialta leordhóthanach, inbhuanaithe agus éifeachtach a áirithiú do gach oibrí — lena n-áirítear iad siúd atá i bhfostaíocht neamhchaighdeánach — agus do dhaoine féinfhostaithe, agus chun na baoil bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta a laghdú, go háirithe i measc leanaí agus daoine i staideanna leochaileacha, go háirithe trí chuimsiú gníomhach. IARRANN SÍ ar na Ballstáit, i gcás inar gá agus na sainiúlachtaí náisiúnta á gcur san áireamh, soláthar tithíochta inacmhainne agus cúnaimh tithíochta a mhéadú, aghaidh a thabhairt ar an mbrú atá ag dul i méid maidir le costais tithíochta, agus dlús a chur le gníomhaíochtaí chun an easpa dídine a chosc agus a dhíothú trí rochtain ar thithíocht bhuan a chur chun cinn trí sheirbhísí cumasúcháin a sholáthar bunaithe ar choincheapa ar nós 'Tús Áite don Tithíocht' agus 'Faoi Stiúir na Tithíochta'. IARRANN SÍ ar na Ballstáit rochtain ar sheirbhísí cumasúcháin agus bunriachtanacha a chothú, lena n-áirítear fuinneamh, do theaghlaigh leochaileacha.

14. IARRANN SÍ ar na Ballstáit measúnuithe tionchair *ex ante* agus *ex post* a dhéanamh go rialta ar athchóirithe agus ar infheistíochtaí i réimsí na fostaíochta, na scileanna agus an bheartais shóisialta, lena n-áirítear chun a dtionchar dáileacháin a chinneadh feadh grúpaí ioncaim, inscne, aoise agus réigiún, mar shampla. IARRANN SÍ ar na Ballstáit féachaint, chun na críche sin, ar na deiseanna foghlama frithpháirtí a chuireann an Coimisiún ar fáil chun feabhas a chur ar an acmhainneacht riaracháin, lena n-áirítear i gcomhthéacs an Mhoil Eolais maidir le hInfheistíocht Shóisialta a bunaíodh in 2025.

15. IARRANN SÍ ar na Ballstáit torthaí Thuarascáil Chomhpháirteach 2026 ar Fhostaíocht a chur san áireamh agus a bPlean Struchtúrach Fioscach Meántéarmach á chur chun feidhme acu agus Tuarascáil Bhliantúil 2026 ar Dhul Chun Cinn á hullmhú acu, i gcomhréir leis an ngá atá le tuairisciú ar an dul chun cinn i dtreo chur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta laistigh den Seimeastar Eorpach.

16. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún staidreamh atá imdhealaithe de réir gnéis a chur chun cinn a thuilleadh sa togra bliantúil le haghaidh Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, chun na bearnaí inscne atá fós ann a nochtadh agus a dhúnadh de réir a chéile.

17. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leanúint d'fheabhas a chur ar infhaighteacht, tráthúlacht, cáilíocht agus dí-chomhiomlánú mhargadh an tsaothair, scileanna agus staidreamh sóisialta, chun tacú leis an bhfaireachán sa Seimeastar Eorpach chomh maith le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

18. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint de mhachnamh a dhéanamh ar choigeartuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an anailís chéadchéime ar an gCreat maidir le Cóineasú Sóisialta, mar a léirítear sa mheasúnú a rinne an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta in 2024. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún anailís an dara céim a fhoilsiú i bhfad roimh Phacáiste Earraigh 2026 chun comhthuiscint ar na dúshláin a bhaineann leis an gcóineasú sóisialta aníos a éascú. IARRANN SÍ ar an gCoiste Fostaíochta agus ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta scrúdú a dhéanamh ar na torthaí gaolmhara agus an Chomhairle a chur ar an eolas i mí an Mheithimh 2026 faoi staid an chóineasaithe shóisialta san Aontas.

19. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú go bhfoilseofar Pacáiste Earraigh an tSeimeastair Eorpaigh in am trátha d'fhonn tacú le rannpháirtíocht iomlán an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta san ullmhúchán chun na moltaí tírshonracha a ghlacadh ag an gComhairle, arna nglacadh ar bhonn Airteagail 121(2) agus 148(4) CFAE.